Fios Físe

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi phatrún féachana TG4. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa:

1. Cad iad na cláir a bhféachann tú orthu ar TG4?
2. An mbíonn cainteoirí Gaeilge amháin ag féachaint ar TG4, dar leat?
3. An léann tú na fotheidil agus tú ag féachaint ar chláir ar TG4?

Ceist 2 Cad is brí leis na focail / frásaí seo a bheidh le cloisteáil sa mhír?



Ceist 3 Freagair na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cen chanúint lena mbaineann na focail: *ag amharc* agus *achan*?
2. Cen leagan atá agat féin ar na focail sin?

Ceist 4 Féach ar an tuairisc faoi dhó agus abair an bhfuil na habairtí seo **fíor** nó **bréagach**.

1. Seoladh *Fios Físe* chun taighde a dhéanamh ar an lucht féachana Béarla a bhíonn ag cláir Ghaeilge.
2. Ba é an tÚdarás Craolacháin a mhol go ndéanfadh TG4 taighde ar phobal féachana Gaeilge ar fud na tíre.
3. Scrúdaíonn na comhlachtaí anailíse an líon céanna daoine i ngach ceantar samplach.
4. Níl ach fíorbheagán daoine ag féachaint ar chláir Ghaeilge.
5. Ceapann Pól Ó Gallchóir nach mbeidh aon mhaitheas ag baint leis an taighde seo agus go ndéanfaidh sé dochar do TG4.
6. Beidh Acadamh Ríoga na hÉireann i mbun an taighde.
7. Beidh ar an trí chéad caoga duine a bheidh páirteach sa taighde dialann féachana a líonadh isteach ar líne.
8. Tá Séamas Ó Concheanainn ag súil go mbeidh na daoine a bheidh ag glacadh páirte sa taighde ionadaíoch ar phobal na Gaeilge.

Ceist 5 Bíonn a lán treoracha i ngníomhaíochtaí *Vifax*, mar shampla: *Féach, scríobh, pléigh, léigh…*
Is é an modh orduithe atá i gceist.

1. Tabhair orduithe don duine in aice leat, ag baint úsáide as na mbriathra thíos:

   - abair, faigh, cuir, féach, dún, aimsigh, déan, ceannaigh

2. Ach cad a tharlaíonn nuair is gá ordú a thabhairt do níos mó ná duine amháin? Féach ar an mbosca seo:

An chéad réimniú / leathan	An chéad réimniú / caol	An dara réimniú / leathan	An dara réimniú / caol
-aigí	-igí	-aígí	-ígí

   Anois, cuir na briathra faoi **cheist 1** sa mhodh orduithe, iolra.

3. Conas a déarfá le duine gan rud a dhéanamh? Féach ar an sampla:

   Ná déan é sin!

   Cad faoi na briathra i g**ceist 1** arís? Scríobh amach an fhoirm dhiúltach anois.

   Tá dhá cheann de na briathra éagsúil ó na cinn eile san fhoirm dhiúltach, cad iad?

Ceist 6 Stór focal achrannach!

A. Is minic a bhíonn mearbhall ar dhaoine maidir leis na focail seo a leanas. Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú:

   Togra
   Tionscadal
   Tionscal

B. Is minic freisin a mheasctar na focail seo. Cad é an difríocht idir an dá fhocal?

   líon agus **méid**

Ceist 7 Ceangail na cineálacha cláir teilifíse ar chlé leis an leagan ceart Béarla ar dheis. Cad é an cineál cláir is fearr leat féin? Cad faoin duine in aice leat?

1. An Nuacht 2. Cúrsaí reatha 3. Sraith teilifíse/Sobail/Boscra 4. Cláir faisnéise 5. Réamhaisnéis na haimsire 6. Teilifís réaltachta 7. Cláir grinn 8. Spórt 9. Scéinséirí 10. Seónna cainte	a. Thrillers b. The News c. Reality TV d. Sport e. Chat shows f. Series/Soaps/Box sets g. The weather forecast h. Documentaries i. Current affairs j. Comedies

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

taighde – *research*
patrún féachana – *viewing pattern*
léargas – *insight*
ar dhá thaobh na teorann – *on both sides of the border*
d'eascair – *it sprang*
comhlachtaí anailíse – *analytical companies*
cuma ar an scéal – *it appears*
aiseolas – *feedback*
an-dearfach – *very positive*
i dtoll a chéile – *together*
ionadaíoch – *representative*
dlús cainteoirí – *density of speakers*

Ceist 3

1. Canúint Uladh.
2. Braithfidh na freagraí seo ar chanúint na bhfoghlaimeoirí.

Ceist 4

1. Bréagach. Chun taighde a dhéanamh ar lucht féachana Gaeilge.
2. Fíor.
3. Fíor.
4. Bréagach. Ní fios go díreach mar ní raibh an modh anailíse ionadaíoch go dtí seo.
5. Bréagach. Tá sé an-dearfach faoin togra mar beidh an t-aiseolas an-úsáideach chun sceideal níos fearr a chur le chéile.
6. Bréagach. Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
7. Fíor.
8. Fíor.

Ceist 5

1. Is cleachtadh cainte é seo. Mínigh do na foghlaimeoirí go mbaintear úsáid as fréamh an bhriathair chun orduithe a thabhairt, is é sin na briathra mar atá said.
2. Abraigí, faighigí, cuirigí, féachaigí, dúnaigí, aimsígí, déanaigí agus ceannaígí.
3. Ná habair / ná habraigí, ná faigh / ná faighigí, ná cuir / ná cuirigí, ná féach / ná féachaigí, ná dún / ná dúnaigí, ná haimsigh / ná haimsígí, na déan / ná déanaigí, ná ceannaigh / ná ceannaígí.
   Tá *abair* agus *aimsigh* éagsúil ó na briathra eile mar go dtosaíonn siad le guta agus cuirtear 'h' ar thús na mbriathra sin tar éis ***ná***.

Ceist 6

togra – proposal
tionscadal – project
tionscal – industry
líon – the number of…
méid – amount, volume

Ceist 7

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
b	i	f	h	g	c	j	d	a	e

Emer Ní Chonghaile
Fáilte ar ais. Seoladh *Fios Físe*, togra úrnua de chuid TG4 agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh inniu le taighde a dhéanamh ar phatrún féachana TG4 i measc phobal na Gaeilge ar fud na tíre. Bunófar painéal lucht féachana agus gheofar léargas ar na clárachaí[1] is mó is spéis le daoine.

Sorcha Ní Mhonacháin
Níos luaithe i mbliana mhol an tÚdarás Craolacháin go ndéanfadh TG4 taighde ar phobal féachana na Gaeilge anseo, ar dhá thaobh na teorann. D'eascair an moladh as an tuarascáil a réitigh an comhlacht *Crowe Horwath* don Roinn Cumarsáide, mar chuid de thogra ré nua an rialtais. Achan seachtain[2] agus iad ag éirí a fháil amach cé mhéad duine a bhí ag amharc ar chlár teilifíse, scrúdaíonn comhlachtaí anailíse an líon céanna daoine in achan cheantar samplach. Ach, tá locht amháin air sin, sin cúrsaí teangan[3]. Is dócha nach a mhalairt go mbeadh lucht féachana níos mó ag clár Gaeilge i gceantar Gaeltachta ná a bheadh sa Ghalltacht, os rud é gur sa Ghaeltacht atá an líon is mó cainteoirí. Ach ní léiríonn na figiúirí féachana sin, rud a chuireann an chuma ar an scéal go bhfuil fíorbheagán daoine ag amharc ar chláracha Gaeilge.

Tá sé i gceist go léireodh an taighde painéil seo, a fógraíodh inniu, cé hiad lucht féachana TG4.

Pól Ó Gallchóir
Beidh aiseolas againn gach seachtain faoi chláracha TG4 agus an dtaitníonn siad leis an phobal agus céard atá á lorg ag an phobal. Sílimse gur rud an-dearfach atá ann, beidh an t-aiseolas an-mhaith dúinne agus muid ag cur sceidil i dtoll a chéile. Agus, cuideoidh sé go mór le TG4.

Sorcha Ní Mhonacháin
Is iad Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh a bheas[4] i mbun an taighde. Iarrfar ar an trí chéad caoga duine a bheas páirteach ann dialann féachana a líonadh isteach ar an idirlíon, uair sa tseachtain. Beidh an sampla seo ionadaíoch ar phobail na Gaeilge ar fud na hÉireann.

Séamas Ó Concheanainn
Beidh sé sin á tógáil san áireamh freisin - cúrsaí teanga, teangeolaíochta sa nGaeltacht[5]. Dar ndóigh tá an dlús cainteoirí is mó le fáil sa nGaeltacht, *so* cuirfidh an mhodheolaíocht é sin san áireamh. Agus, tá súil againn go mbeidh an sampla, tá mé dóchasach go mbeidh an samplach ionadaíoch ar phobail na Gaeilge ar an oileán trí chéile.

Sorcha Ní Mhonacháin
Tosóidh an taighde le bun samplach an tseachtain seo chugainn agus tá sé i gceist go mbeidh sé faoi lánseol[6] i mí Eanáir. Sorcha Ní Mhonacháin, Nuacht TG4.

---

[1] *cláir* atá sa chaighdeán oifigiúil, *cláracha* a deirtear i gcanúint na Mumhan agus Uladh , *clárachaí* a deirtear i gcanúint Chonnachta.
[2] *achan tseachtain* a deirtear, 'gach' atá sa chaighdeán oifigiúil ach 'achan' atá i gcanúint Uladh.
[3] *teanga* atá sa chaighdeán oifigiúil
[4] *a bheidh* atá sa chaighdeán oifigiúil
[5] *sa + séimhiú* atá sa chaighdeán oifigiúil
[6] *faoi lán tseol* a deirtear